Oideachas trí Ghaeilge
do Mhuintir an Chláir

Réamheolaire

Gaelcholáiste An Chláir

Stair

Bunaíodh Gaelcholáiste an Chláir in 1993 chun oideachas dara-leibhéal a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaltaí i gCo. An Chláir. Is é an t-aon mheánscoil lán-Ghaelach é sa chontae, agus an t-aon scoil in Inis ina bhfuil an Innealtóireacht á mhúineadh ann mar ábhar Ardteiste. Tá an Coláiste faoi stiúir Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Is aonad faoi leith é ar an suíomh céanna le Coláiste Pobail na hInse.

History

Gaelcholáiste an Chláir was founded in 1993 to provide second-level education through the medium of Irish to students in Co. Clare. It is the only school in Clare offering secondary education through Irish and the only school in Ennis offering Engineering as a Leaving Cert Subject. The College is under the auspices of Limerick and Clare Education and Training Board. It is a unit on the same grounds as Ennis Community College.

Oideachas Trí Ghaeilge

Tá fáilte roimh dhaltaí ó gach bunscoil agus cúlra is cuma más Gaeilge, Béarla nó aon teanga eile í an teanga teaghlaigh. Tagann daltaí ó áiteanna ar fud an chontae ag iarraidh oideachas trí Ghaeilge. Sa chéad bhliain déantar an-chuid oibre sa dá theanga go dtí go mbíonn líofacht ag na daltaí. Is ranganna beaga den chuid is mó a bhíonn sa nGaelcholáiste.

Education Through Irish

Students from every national school and background are welcome, regardless of whether Irish, English or another language is spoken at home. The opportunity for education through Irish attracts students from all over the county. In first year much of the work is done bilingually until the student is fluent in Irish. Class sizes tend to be smaller.

Cláir & Tacaíocht

- Cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí
- Clár scileanna staidéir
- Scéim na Leabhar ar Cíos
- Club Obair Bhaile & Staidéar faoi mhaoirseacht
- Gradaim na Mac Léinn
- Comhairle na dTuistí
- Comhairle na Mac Léinn
- Cuairteanna ar Choláistí tríú leibhéil
- Seirbhís Treoir & Comhairleoireachta
- Oifigeach Idirchaidrimh na Scoile do Teaghlaigh
- Clár um Críochnú Scoile
- Pathways: Clár Cúnaimh don 3ú Leibhéal
- Searmanais Chéimnithe
- Aoichainteoirí
- Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn
- Comhoibriú le Gnólachtaí Áitiúla
- Páirtnéireacht Spóirt an Chláir
- Teastas traenála CAD Solidworks do mhic léinn Foirgníochta agus Grafaice
- Seisiúin Turgnamhaíochta in Ollscoil Luimnigh don mBitheolaíocht, don gCeimic agus don bhFisic

Programmes & Supports

- Parent Teacher Meetings
- Study Skills Programme
- Book Rental Scheme
- Homework Club and Supervised Evening Study
- Student Award Scheme
- Parents' Council
- Students' Council
- Visits to universities & other third-level institutions
- School Guidance and Counselling service
- Home-School Liaison Officer
- School Completion Programme
- Pathways 3rd-Level Assistance Programme
- School Graduation Ceremonies
- Guest Speakers
- Student Enterprise Awards
- Collaboration with local business
- Clare Sports Partnership
- Solidworks CAD certified training course for graphics and construction students
- Leaving Cert Practical Experiment sessions for Biology Chemistry and Physics at UL

CURRICULUM

An tSraith Shóisireach (Junior Cycle)

Déanann gach dalta: **Gaeilge** (Irish)**, Matamaitic** (Mathematics)**, Béarla** (English)**, Stair** (History)**, Tíreolaíocht** (Geography)**, Eolaíocht** (Science)**, Fraincís** (French)**, Staidéar Gnó** (Business Studies)**, Corpoideachas** (PE)**, Treoir** (Guidance)**, Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil** (CSPE)**, Folláine** (Wellbeing)**, Scileanna Beatha** (Lifeskills)**, Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte** (SPHE).

Ábhair Roghnacha (Option Subjects)**: Amharc-Ealaín** (Visual Art)**, Eacnamaíocht Bhaile** (Home Economics)**, Innealtóireacht** (Engineering)**, Teicneolaíocht Adhmaid** (Wood Technology)**, Ceol** (Music)**, Grafaic** (Graphics).

Bíonn deis ag gach dalta triail a bhaint as gach ceann do na h-ábhair roghnacha ag tús na bliana.
(All students have an opportunity to sample each of the option subjects for a few weeks at the start of first year, before making their choices.)

Ard-Teistiméireacht (Leaving Certificate)

Gaeilge (Irish)**, Béarla** (English)**, Matamaitic** (Mathematics)**, Fraincís** (French)**, Stair** (History)**, Tíreolaíocht** (Geography)**, Gnó** (Business)**, Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch & Sóisialta** (Home Economics - Scientific & Social)**, Ealaín** (Art)**, Bitheolaíocht** (Biology)**, Ceimic** (Chemistry)**, Grafaic Dheartha agus Chumarsáide** (Design & Communication Graphics)**, Fisic** (Physics)**, Ceol** (Music)**, Staidéar Foirgníochta** (Construction Studies)**, Innealtóireacht** (Engineering)**, Teicneolaíocht** (Technology)**, Gairmchlár na hArdteistiméireachta*** (LCVP*)

***Clár is ea Gairmchlár na hArdteistiméireachta a chabhraíonn le daltaí a scileanna sóisialta, oibre agus teicniúla a fhorbairt. Chomh maith leis an staidéar acadúil, tá béim ar an fhoghlaim féin-stiúrtha, ar an bhfiontraíocht, ar an obair agus ar an bpobal.** (*Leaving Certificate Vocational Programme. LCVP aims to help students develop their social, job-related and technical skills. It combines the virtues of academic study with an added focus on self-directed learning, enterprise, work and the community.)

Bíonn ranganna Folláine, Corpoideachais, Treorach agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ann chomh maith. (Students also take classes in Wellbeing, PE, Guidance and RSE).

Áiseanna

Cuireadh críoch lenár bhfoirgneamh nua in 2022, agus tá scoth na n-áiseanna oideachais agus áineasa ann.

- Teicneolaíocht Faisnéise, Leathanbhanda agis Teilgeoirí i ngach seomra ranga
- Seomraí Ríomhaireachta
- Seomraí Miotalóireachta, Adhmadóireachta agus Teicneolaíochta
- Saotharlann Dearaidh agus Cumarsáide
- Seomraí Eacnamaíocht Bhaile
- Saotharlanna Eolaíochta le gach áis
- Seomraí Ceoil
- Leabharlann agus Idirlíon ann
- Caintín le béilí te, saor in aisce agus le fordheontas
- Taisceadáin
- Páirc Imeartha don bPeil, don Iomáint agus don gCamógaíocht
- Halla mór spóirt faoi dhíon
- Cúirt Chispheile agus Leadóige faoin aer
- Gym agus ionad aclaíochta le gach áis
- Ceathanna agus seomraí feistis
- Turasann go dtí an Linn Snámha agus áiseanna spóirt eile
- Halla ginearálta
- Áit Sóisialta
- Seomraí Ealaíne
- Oifigí agus Seomraí Cruinnithe

Facilities

Our new school building was completed in 2022, and boasts state-of-the-art educational and recreational facilities.

- All classrooms have IT Facilities, Broadband and Overhead Projectors
- Computer Rooms
- Metalwork & Woodwork and Technology Rooms
- Design and Communications Lab
- Home Economics Rooms
- Fully-equipped Science Labs
- Music Rooms
- College Library with Internet access
- Seated canteen serving hot free and subsidised meals
- Student lockers
- Playing Field for Football, Hurling & Camogie
- Large indoor sports hall
- Outdoor basketball & tennis court
- Fully-furnished gym and fitness suite with the latest equipment
- Showers and changing facilities
- Trips to Swimming Pool, Lees Road and other sports facilities
- General-purpose hall
- Social Area
- Art Rooms
- Offices and meeting spaces

Idirbhliain

San Idirbhliain bíonn deis ag na mic léinn réimse leathan scileanna a fhorbairt faoi chóras foghlama a dhíríonn ar an bpearsa iomlán. Tá an curaclam dírithe ar scileanna praiticiúla ar nós: cur i láthair, rannpháirtíocht agus obair ghrúpa. Tugtar an deis do mhicléinn dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí ar leith ar spéis leo.

Ag croí an churaclaim scoile tá na bun-ábhair: Gaeilge, Béarla, Mata agus Fraincís. Anuas ar sin, bíonn an deis ag na mic léinn triail a bhaint as tromlach na n-ábhar roghnach ar fad atá ar chúrsa na hArdteiste. Bainfidh siad teastais amach in ábhair ar nós: Gaisce (Gradam an Uachtaráin), Fiontraíocht Sóisialta, Tarrtháil agus Garchabhair. Freisin foghlamaíonn siad rudaí cosúil le baincéireacht, ceol, agus scileanna barista agus cócaireachta. Bíonn go leor turasanna cosúil le Delphi, an Comórtas Naisiúnta Treabhdóireachta, agus scátáil oighir. Chomh maith leis sin glacann siad páirt i ngníomhaíochta tiomsaithe airgid d'eagraíochtaí carthanacha ar nós Naomh Uinseann de Pól agus Pobal Síomóin.

Bíonn deis ag na mic léinn dul ar thaithí oibre agus freisin cuireann siad isteach ar chomórtaisí ar nós Junk Kouture, One Good Idea, Young Scientist, Young Social Innovators, Fresh Film agus Féile na hInse.

Transition Year

The Transition year course gives students an opportunity to develop a wider set of skills with a more holistic approach to learning. The year focuses on practical skills such as presentations, participation and group work, while allowing students to grow in areas they show a particular talent or interest in.

This curriculum includes the core subjects such as Irish, English, Maths and French. Students are also given the opportunity to try many of the optional subjects offered to them for the Leaving Certificate. By the end of the school year, students will have attained several certificates in areas such as: Gaisce (The President's Award), Young Social Innovators, Life-Saving and First Aid, and learned new skills such as banking, music, baking, and barista and culinary skills. There are numerous opportunities for field trips such as Delphi, The Ploughing Championships, Ice Skating, The Hunt Museum and our Annual Christmas Fundraiser. They will also have been involved in several fundraising events which include partnerships with Saint Vincent De Paul, the Simon Community and other charitable organisations.

Work experience is also part of the programme and students have also enjoyed success in national competitions such as Junk Kouture, One Good Idea, Young Social Innovators, Young Scientist, Fresh Film and Feile na hInse.

Spreagtar daltaí chun barr feabhais a bhaint amach de réir an cumas atá acu, agus cruthaítear atmaisféar foghlama den scoth mar thoradh air sin.

Lasmuigh Den Seomra Ranga

Tá rogha leathan imeachtaí ar fáil. Fanann scoláirí na chéad bliana ar thalamh na scoile le linn am lóin. Moltar dóibh páirt a ghlacadh in imeachtaí taobh amuigh den seomra ranga, agus buan-cháirdeas a chothú.

Spórt

Snámh, Cispheil, Iomáint, Ficheall, Eitpheil, Leadóg, Lúthchleasaíocht, Rith Tras-Tíre, Camógaíocht, Peil Ghaelach, Rugbaí, Sacar, Badmantan, Gleacaíocht, Damhsa, Rianadóireacht, Yoga & Pilates, Leadóg Bhoird, Hip-hop, Surfáil, Cadhacáil, Rópáil Anuas, Raftáil, Fánaíocht

Buaic na bliana is ea an Lá Spóirt Bliantúil, agus leagtar an bhéim ar an rannphártaíocht

Imeachtaí Eile

Turasanna Oideachasúla agus Cothú Fóirne, Comórtas na nEolaithe Óga, Comórtas Timpeallachta, Nuachtlitir an Choláiste, Cór, Bailiú Airgid do Charthanachtaí, Tráth na gCeist, Óráidíocht, Ealaíona agus Ceardaíocht, Rince Seite, Ceolchoirm na Nollag, Cuairteanna ar Amharclann agus ar Phictiúrlann, Drámaíocht & Ealaín Chruthaitheach, Ríomhairí agus Códú, Banna Céilí, Damhsa Céilí, Club Gaeilge, Seachtain na Mata, Seachtain na Fraincíse, Seachtain na Gaeilge, Seachtain Feasachta Ollscoile

Extra Curricular

Gaelcholáiste an Chláir offers a wide range of activities. First years remain on the school grounds during lunch break. This is to facilitate students in establishing long-lasting friendships by involvement in sporting and extracurricular activities.

Sport

Swimming, Basketball, Hurling, Chess, Volleyball, Tennis, Athletics, Cross Country Running, Camogie, Gaelic Football, Rugby, Soccer, Badminton, Gymnastics, Dance, Orienteering, Yoga & Pilates, Ping-pong, Hip-hop, Surfing, Kayaking, Abseiling, Rafting, Hiking

Our Annual Sports' Day is focused on participation and is a highlight of the school year.

Other Activities

School Tours, Educational and Team-Building Excursions, Young Scientist Competition, Young Environmentalist Competition, College Newsletter, Choir, Charitable Fundraising, Quizzes, Public Speaking, Arts and Crafts, Set Dancing, Christmas Concert, Cinema & Theatre Trips, Drama and Creative Arts, Computers and Coding Club, Céilí Band, Céilí Dancing, Club Gaeilge, Maths Week, French Week, Seachtain na Gaeilge, College Awareness Week.

Brian Ó Donnchú
Príomhoide

Áine Uí Chonsaidín
Múinteoir i bhFeighil

Gaelcholáiste an Chláir, Inis, Co. an Chláir, V95XD66
Fón: 065 6829432
Email: info@enniscc.ie

Web: **gaelcholaisteanchlair.com**

@gaelcholaiste

@GcanChlair

Tá tuilleadh eolais, agus foirmeacha iarratais, ar fáil ón suíomh idirlín agus ó oifig na scoile.

Further details and application forms are available from our website and the school office.

d2print | 065 6868108